**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach Urghnách**
***An 17 Aibreán 2024***

Go raibh maith agat, a Charles.

Mora daoibh tráthnóna go léir.

Faoi cheann 50 lá, tabharfaidh na céadta milliúin Eorpach a n-aghaidh ar na bothanna vótála. Mar is eol daoibh, tá cuairteanna á dtabhairt agam féin ar na Ballstáit, áit ina bhfuilim féin, in éineacht le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, ag éisteacht lena bhfuil le rá ag na saoránaigh. Tá an comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, an tslándáil, neartú an gheilleagair agus cruthú post nua i measc phríomhthosaíochtaí na ndaoine a casadh orainn.

Saincheisteanna iad sin a bhfuil na daoine ag súil linn aghaidh a thabhairt orthu agus réiteach a fháil ina leith, mar atá déanta againn cheana i leith na himirce. Is ar an gcúis sin gur geal liom an plé atá ar bun againn faoin bhfás eacnamaíoch a chur chun cinn agus borradh a chur faoin iomaíochas Eorpach agus an anailís ó Enrico Letta, ina Thuarascáil Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair, mar thaca leis an bplé sin. Tagann an méid seo go léir ag tráth atá ríthábhachtach.

A chairde,

Samhail fáis uathúil ár nAontais is ea an Margadh Aonair. Is mór an méid atá déanta aige ó thaobh chur chun cinn an chóineasaithe de agus is é an tsócmhainn is luachmhaire dá bhfuil againn é. Ar na saolta seo, tá daoine ábalta cónaí, oibriú, staidéar a dhéanamh in aon áit agus taisteal chuig aon áit laistigh den Aontas seo againne. Cabhraíonn sé le lucht gnó, a ngnónna, idir bheag agus mhór, a chur ar bun cibé áit dá rogha féin, lena dtugtar rochtain mhéadaitheach ar an margadh dóibh agus lena ndéantar iomaíochas a chothú ag an am céanna. Cuireann sé ar a gcumas do thomhaltóirí freisin roghanna níos leithne a bheith acu, ar phraghsanna atá níos saoire agus lena ngabhann cosaint atá níos láidre do thomhaltóirí lena ndéanfar a leasanna a chur i gcuntas. Agus é ar an margadh daonlathach aonair is mó atá ar domhan, tá neartú déanta aige fiú ar an seasamh atá againn sa domhan.

Agus fós féin, tá leochaileachtaí an Mhargaidh Aonair tugtha chun solais ag na réaltachtaí nua geopholaitiúla agus ag na dúshláin nua atá ag éirí níos casta ó shin i leith. Conas is féidir linn an Eoraip a dhéanamh níos iomaíche, níos nuálaí agus níos uathrialaithí? Conas is féidir linn cuideachtaí a mhealladh, poist a chruthú agus fás eacnamaíoch a mhéadú?

Níl aon rud nua faoin méid atá á phlé anseo againn. Le breis agus 30 bliain anuas, is tionscadal é an Margadh Aonair atá ag athrú de shíor, tionscadal a bhfuil dlúthbhaint aige le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais. Ag an bpointe ama seo, ní mór dúinn a choinneáil i gcuimhne gur tionscadal thar a bheith polaitiúil é tionscadal an Mhargaidh Aonair agus gurb amhlaidh a bhí riamh. Agus creidimse go bhfuil sé d'ionchas i gcónaí ag ár limistéar eacnamaíoch tairbhí níos leithne fós a sholáthar dár ndaoine. Is mithid anois tiomantas athnuaite a thabhairt dó.

Ciallaítear leis sin, doimhniú a dhéanamh ar ár Margadh Aonair, lena ndéanfar é a thabhairt ar aon chéim arís le riachtanais an chomhthéacs atá ann faoi láthair, go háirithe leis na haistrithe glasa agus digiteacha atá ag tarlú inár ngeilleagair. Ní féidir linn laghdú a dhéanamh ar spleáchais straitéiseacha agus tacaíocht á tabhairt agus cothú á dhéanamh ar an bhfás eacnamaíoch ag an am céanna ach amháin trí tháirgiúlacht a mhéadú, trí dhlús a chur le

hinfheistíochtaí i gcumais thionsclaíocha dhílse, lena n-áirítear in eangacha cliste fuinnimh, agus trí chomhtháthú a dhéanamh ar an Margadh Aonair i gcás cúrsaí fuinnimh, airgeadais agus teileachumarsáide. Is é an Margadh Aonair an spreagthóir eacnamaíoch is fearr dá bhfuil againn agus ní mór é sin a léiriú agus cothromú á dhéanamh ar ár bpobail. Is é sin an chaoi a dtugaimid aghaidh ar an eisiamh sóisialta, bíodh sé sin as líne nó ar líne.

Go hiarbhír, ní mór iarracht níos tréine a dhéanamh ar chothrom iomaíochta a bhaint amach. Príomhchéimeanna sa treo ceart is ea glacadh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, an Ghnímh um Margaí Digiteacha agus an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ach tá gá le leibhéal coibhéiseach tiomantais a bheith ann a mhéid a bhaineann le cúrsaí fuinnimh agus a bheith ann ar bhonn níos leithne le haghaidh an aistrithe ghlais.

Is é fírinne an scéil é, cé go bhfuil na spriocanna atá againn anseo ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain, rud ar cheart dúinn a bheith mórtasach as - agus a bhfuilimid - mórtasach as, is baol dúinn an maorlathas iomarcach a chuireann srian ar ár ndul chun cinn. I roinnt áiteanna, mar shampla, is féidir le fad ama na gcéimeanna forbartha chun feirm ghaoithe amach ón gcósta a thógáil a bheith chomh fada céanna leis an bhfad ama a thógann sé feirm ghaoithe a thógáil ina hiomláine ar tír mór. Rud a chiallaíonn faoi láthair, nach bhfuil an tarraingteacht chéanna, ná taobh leis fiú, ag baint le bonneagar atá níos éifeachtúla a thógáil san Eoraip.

Ach, cé is moite de bhacainn a chur ar infheistíocht straitéiseach agus ar ár n-uaillmhianta aeráide, cuirtear bacainn ar an gcuimsiú socheacnamaíoch freisin leis an maorlathas. Sampla follasach amháin de sin is ea léirsithe na bhfeirmeoirí, áit nach raibh ár n-uaillmhianta ag teacht le riachtanais agus le hionchais ár ndaoine. Is mó go mór atá i gceist leis an méid sin ná saincheist talmhaíochta amháin agus ní mór an méid sin a léiriú sa chlár oibre straitéiseach.

Is é sin an fáth go ndúirt mé riamh, chun go bhfeidhmeoidh an t-aistriú glas - agus tá gá lena leithéid - nach mór gach earnáil a bheith san áireamh leis. Ní féidir leis aon duine a fhágáil chun deiridh. Ní mór dó fíordhreasachtaí agus líontáin sábhála a chur ar fáil don earnáil tionsclaíochta. Caithfidh muinín a bheith ag daoine as an bpróiseas agus caithfidh siad a bheith in acmhainn íoc as. Mura ndéanfar amhlaidh, tá an baol ann go rachaidh i bhfad níos mó daoine i dtreo chlaonta agus thuairimí na ngrúpaí imeallacha, rud atá ait go leor, ag an tráth ceannann céanna ina bhfuilimid ag iarraidh ar dhaoine seasamh ar son na hEorpa. Ní féidir linn ligean dó sin tarlú.

Bacainn eile a chuireann srian ar an dul chun cinn eacnamaíoch is ea ilroinnt ár n-earnála airgeadais agus níos sonraí fós is ea na constaicí atá ar shreafaí caipitil ar fud an Aontais seo againne. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag infheistíochtaí glasa le blianta beaga anuas, tá bearna ar mó í ná €400 billiún fós le líonadh go bliantúil - bearna nach féidir a líonadh le maoiniú poiblí amháin, fiú má dhéantar athmheasúnú ar ár gcur chuige i leith na státchabhrach.

Tá an tsaorghluaiseacht chaipitil ar cheann de cheithre shaoirse bhunúsacha an Mhargaidh Aonair, ach fós féin tar éis na ndeicheanna de blianta de chomhtháthú, is ann fós do na constaicí a bhfuil tionchar acu ar ár n-iomaíochas domhanda.

Má tá ár ngnólachtaí agus ár dtionscail chun fás agus nuáil a dhéanamh, poist a chruthú, deiseanna coigiltis níos fearr a dhreasú dár saoránaigh, saibhreas a ghiniúint agus iomaíochas na hEorpa a áirithiú, ní mór dúinn na dálaí agus na creataí cearta a chruthú ionas gur féidir lenár ngnólachtaí nuathionscanta agus ár FBManna fanacht san Eoraip. Rud a chiallaíonn nach mór dúinn ár n-Aontas Baincéireachta agus ár n-Aontas na Margaí Caipitil a thabhairt chun

críche. Mar a dúirt mé níos luaithe, bhí doimhniú an Mhargaidh Aonair ina cheist tola polaitiúla i gcónaí. Is mithid arís dúinn aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist agus í a ghlacadh chugainn féin nó tá baol ann go gcaillfimid gach a bhfuil bainte amach agus gach a bhaineann leis.

Is é sin an chaoi ar féidir linn a léiriú dár ndaoine go mbaineann torthaí agus tairbhí lenár dtionscadal. An chaoi ar féidir linn aghaidh a thabhairt ar na fíor-shaincheisteanna agus maolú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh ghnónna agus teaghlaigh ar fud na hEorpa, daoine a bhfuil orthu dul i ngleic le billí níos airde, margaí tithíochta neamhchinnte agus iad siúd atá ag streachailt le snáithe a choinneáil faoin bhfiacail go dtí deireadh na míosa. An chaoi a ndéanfaimid iomaíochas, rathúnas agus ceannaireacht fhadtéarmach ar an leibhéal domhanda a chinntiú.

Le linn aghaidh níos diongbháilte agus níos tiomanta a thabhairt ar ár Margadh Aonair, ar athchóiriú agus ar ullmhú don domhan athraitheach ina bhfuilimid, ní mór do mhéadú an Aontais i leith na hÚcráine, i leith na Moldóive, na Seoirsia agus na mBalcán Thiar leanúint de bheith go mór chun tosaigh ar ár gclár oibre straitéiseach agus polaitiúil. Agus chuige sin, céim sa treo ceart is ea formheas na Saoráide Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar. Taispeántar arís eile leis sin go ndéanann an Margadh Aonair ár dtarraingteacht a léiriú. Cruthaítear leis sin caidreamh níos dlúithe idir sinn agus ár gcomhghuaillithe sna Balcáin Thiar agus trí dhéanamh amhlaidh, déantar ár mór-roinn, ár nAontas, ár mbealach Eorpach - agus sinn uile a neartú. Bhí tuiscint ar an méid sin ag Parlaimint na hEorpa, agus b'in an fáth ar thángamar le chéile chun é a chur i gcrích chomh gasta agus ab fhéidir.

A chairde,

Chuir mé tús le mo chuid cainte inniu trí thagairt a dhéanamh d'ábhair imní na saoránach. Is mian le muintir na hEorpa freisin ár struchtúir slándála agus cosanta a threisiú chun an tsíocháin agus an daonlathas a chosaint le linn na gcúig bliana amach romhainn. Ní mór an méid atá ag tarlú ag ár dteorainneacha a bheith ar bharr ár gcláir oibre i gcónaí.

Tá an Rúis fós dianseasmhach ina hionsaithe neamhdhleathacha neamh-idirdhealaitheacha ar an Úcráin. Tá tacaíocht láidir pholaitiúil, taidhleoireachta, dhaonnúil, eacnamaíoch agus mhíleata curtha ar fáil againn cheana féin don Úcráin. Ní féidir ligean dár dtacaíocht don Úcráin loiceadh. Caithfimid dlús a chur le seachadadh an trealaimh a bhfuil gá acu leis, lena n-áirítear ó thaobh aerchosanta de.

Ní féidir linn géilleadh.

Is amhlaidh atá sé a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí na Rúise insintí a chur as a riocht agus dearcthaí atá ar son na Creimile a neartú tríd an mbréagaisnéis roimh na toghcháin Eorpacha atá beartaithe i mí an Mheithimh. Ní bagairt é a thuilleadh ach féidearthacht - agus ní mór dúinn a bheith ullamh chun dul i ngleic leis. Ar an ábhar sin, lig dom a chur in iúl daoibh arís go bhfuil Parlaimint na hEorpa réidh chun tacú libh seasamh a thógáil agus aghaidh a thabhairt ar aon chur isteach urchóideach ar ár bpróisis chinnteoireachta dhaonlathacha ar gach slí ar féidir léi. Mar atá déanta aici i gcónaí.

Ó thaobh na staide sa Mheánoirthear de, tá an baol ann go ndéanfaidh ionsaithe ladrainn agus diúracáin na hIaráine ar Iosrael, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, teannais bhreise a chruthú sa réigiún. Mar Aontas, leanfaimid orainn ag obair ar mhaithe le díghéarú agus le stop a chur leis an staid, ina ndoirtfear tuilleadh fola, ó dhul in olcas.

Anuraidh, vótáil Parlaimint na hEorpa le mórthromlach, Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí, a liostú mar eagraíocht sceimhlitheoireachta. Seasaimid leis sin. Agus leis na forbairtí sin, ar díol imní iad, tá gá le smachtbhannaí nua i gcoinne na hIaráine de dheasca a clár ladrainn agus diúracáin agus tá údar cuí leis na smachtbhannaí sin.

In Gaza, tá an staid fós millteanach. Lig dom a athdhearbhú go leanfaidh Parlaimint na hEorpa de shos cogaidh a éileamh. Leanfaimid de bheith ag éileamh go ndéanfaí na gialla atá fós ann a fhilleadh agus á áitiú ag an am céanna nach féidir saoirse ó phionós a bheith ag gabháil leis na gníomhartha a dhéanann Hamas a thuilleadh. Sin é an chaoi a ndéanaimid níos mó cabhrach a thabhairt isteach in Gaza, an chaoi a ndéanaimid beatha daoine neamhchiontacha a shábháil agus an chaoi a ndéanaimid an géarghá atá le réiteach dhá stát a chur ar aghaidh, rud a thugann fíordhearcadh do mhuintir na Palaistíne agus slándáil d'Iosrael.

A chairde,

Is í seo an Chomhairle Eorpach dheireanach roimh na toghcháin i mí an Mheithimh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh as chomh hidirghníomhach agus a bhí na malartuithe seo agus as gach a bhfuil déanta agaibh cheana féin chun tacú lenár n-iarrachtaí i dtaobh vóta a chaitheamh. Ná bíodh amhras oraibh, leanfaidh an Pharlaimint den obair go dtí nóiméad deireanach an tsainordaithe chun bearta a chur i gcrích do gach uile Eorpach.